SPS/TE 2009

An Roinn Talmhaiochta, Iascaigh agus Bia
Aistriú Teidlíochtaí - Scéim na hAoníocaíochta 2009

Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an seoladh thíos roimh an Dáta Deiridh 15ú Bealtaine 2009

Coimeád cóip den fhoirm seo le haghaidh do chuid taifead féin, agus faigh teastas postais.

Díoltóir / Léasóir / Aistreoir

Ainm: _____

Seoladh: _____

_____

Uimhir Thréada								

Uimhir Theil. _____ **Teil. Póca** _____

Ceannaitheoir / Léasaí / Aistrí

Ainm: _____

Seoladh: _____

_____

Uimhir Thréada								

Uimhir Theil. _____ **Teil. Póca** _____

An mbaineann an t-iarratas ar Aistriú Teidlíochtaí le ceann ar bith díobh seo a leanas?
(cuir tic i mbosca/boscaí de réir mar a oireann)

1. Teidlíochtaí mar Oidhreacht	☐	Comhlánaigh lth. 1 & 2 agus iniaigh an doiciméadú riachtanach (féach lth. 6)
2. Teidlíochtaí mar Bhronntanas	☐	
3. Díol/Ceannach Teidlíochtaí	☐	
4. Teidlíochtaí ar Léas /ar Cíos	☐	
5. Teidlíochtaí á Roinnt (Roinnt)	☐	Comhlánaigh lth. 1 & lth. 3 agus iniaigh an doiciméadú riachtanach (féach lth. 7)
6. Comhpháirtíocht um Tháirgeadh Bainne	☐	
7. Cumasc/Comhpháirtíocht Fheirme ina bhfuil dhá ghabháltas nó níos mó	☐	
8. Athrú ar Aonán Dlítheanach	☐	
9. Athrú ar Shonraí Cláraithe na hUimhreach Tréada	☐	Comhlánaigh lth 1 agus lth 4

Dearbhú: Dearbhaímid (páirtithe an chomhaontaithe seo) leis seo gur léamar agus go dtuigimid na Téarmaí agus na Coinníollacha a rialaíonn Aistriú na dTeidlíochtaí agus toilímid le bheith faoi cheangal acu. Dearbhaímid go bhfuil an t-eolas atá tugtha againn san iarratas seo cruinn iomlán i ngach aon slí. Aithnímid go gcoimeádann an Roinn a ceart chun aistriú teidlíochta a fhreaschur, má fhaightear amach go bhfuil an t-eolas a tugadh bréagach nó míchruinn.

Síniú/Sínithe Aistreoir/Aistreoirí na dteidlíochtaí Nó Ionadaí/Ionadaithe Dlí nó Seiceadóir(í) nó Aturnae(tha) i gcás oidhreachta (i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)	**Síniú/Sínithe Aistrí/Aistrithe na dteidlíochtaí** (i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)
Dáta:	**Dáta:**

TABHAIR DO D'AIRE: MÁ TÁ AN UIMHIR THRÉADA CLÁRAITHE AG PÁIRTITHE GO COMHPHÁIRTEACH, CAITHFIDH GACH PÁIRTÍ AN FHOIRM IARRATAIS A SHÍNIÚ.

Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig: **An Rannóg Aistrithe Teidlíochtaí,**
An Roinn Talmhaíochta Iascaigh agus Bia,
Tigh Eircom, Bóthar Chnoc Meá,
Portlaoise, Contae Laoise.
(Lóghlao – 1890 –200 – 560)

Úsáid Oifige Amháin
Dáta a Fuarthas:

Sraithuimhir:

Teidlíochtáí arna nAistriú Trí Dhíolachán, trí Bhronntanas, Oidhreacht nó Léas/Cíos

Líon na dTeidlíochtaí Arna nAistriú	**Luach an Aonaid in aghaidh Teidlíochta (€)**	**Cineál Teidlíocht (Cuir 'X' sa bhosca ábhartha)**			**Modh Aistrithe (Cuir 'X' sa bhosca ábhartha)**				**Más Léas/Cíos Cathain a thagann an léas chun deiridh? (Cuir tic ar an líne chuí) agus liostaigh dáileachtaí talún thíos.**
		Caighdeánach / Caighdeánach Aistrithe	**Caighdeánach (CTN)** *Féach Pointe C lth. 5*	**Biatas Siúcra Caighdeánach / Biatas Siúcra (CTN)** *Féach Pointe C lth. 5*	**Díola-chán**	**Bronn-tanas**	**Oidhreacht**	**Léas/Cíos (le talamh agus sin amháin)**	**Téarma** **Dáta Deiridh** **1 Bhl.** **(2009)** _____ **2 Bhl.** **(2010)** _____ **3 Bl.** **(2011)** _____ **4 Bl.** **(2012)** _____ **5 Bl.** **(2013)** _____ Más léas le haghaidh tréimhse is faide ná 5 bliana é, cathain a thiocfaidh sé chun deiridh? _____/_____/_____

LIOSTA DÁILEACHTAÍ ATÁ Á LIGEAN AR LÉAS/AR CÍOS
(liostaigh aon Uimhreacha Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí breise ar bhileog ar leith)

Uimh. Aith. (*ID*) na nDáileachtaí	**Ainm an Bhaile Fearainn**	**Líon Glan na Heicteár**	**Uimh. Aith. (*ID*) na nDáileachtaí**	**Ainm an Bhaile Fearainn**	**Líon Glan na Heicteár**
1)			5)		
2)			6)		
3)			7)		
4)			8)		

Uimhir Thréada an Aistreora/Díoltóra/Léasóra

Uimhir Thréada an Aistrí/Cheannaitheora/ Léasaí

Síniú/Sínithe Aistreoir/Aistreoirí na dteidlíochtaí
Nó Ionadaí/Ionadaithe Dlí nó Seiceadóir(í) nó Aturnae(tha) i gcás oidhreachta (i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)

Síniú/Sínithe Aistrí/Aistrithe na dteidlíochtaí
i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)

Sínithe Fianaithe ag:

_____

Stádas: _____
(Ball de *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána)

Stampa an Fhinné
(má tá ceann ar fáil)

Caithfidh gach síniú a bheith fianaithe ag Ball de *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána.

Ná dearmad leathanach a haon den fhoirm iarratais a chomhlánú

Teidlíochtaí arna nAistriú trí Chumasc, trí Chomhpháirtíocht um Tháirgeadh Bainne, Roinnt agus Athrú ar Aonán Dlí.

Líon na dTeidlíochtaí arna nAistriú	Luach an Aonaid in aghaidh Teidlíochta (€)	Cineál Teidlíocht (Cuir 'X' sa bhosca ábhartha)			Modh Aistrithe (Cuir 'X' sa bhosca ábhartha)			
		Caighdeánach/ Caighdeánach Aistrithe	**Caighdeánach (CTN)** *Féach Pointe C lth. 5*	**Biatas Siúcra Caighdeánach / Biatas Siúcra (CTN)** *Féach Pointe C lth. 5*	**Cumasc/ Comhpháirtíocht**	**Comhpháirtíocht um Tháirgeadh Bainne**	**Roinnt**	**Athrú ar Aonán Dlí**

Má dhéantar Aistriú trí Roinnt, Chumasc, Chomhpháirtíocht nó Athrú ar Aonán Dlí, cuir tic sa bhosca ábhartha, agus ná dearmad na doiciméid seo a leanas a iniamh -

Cumasc/Comhpháirtíocht

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Cóip Dheimhnithe de Chomhaontú Comhpháirtíochta, (atá ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie), sínithe ag na páirtithe bainteacha go léir agus fianaithe. Caithfidh comhaontuithe dá leithéid a bheith fianaithe ag ball de *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána.

Comhpháirtíocht um Tháirgeadh Bainne (MPP)

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Cóip Dheimhnithe de Chomhaontú Comhpháirtíochta, (atá ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie), sínithe ag na páirtithe bainteacha go léir agus fianaithe. Caithfidh comhaontaithe dá leithéid a bheith fianaithe ag ball de *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána.

- Cóip den Chéad Dheimhniú Cláraithe (eisithe ag Teagasc).

Roinnt

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Comhaontú maidir le Díscaoileadh Comhpháirtíochta (ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie), a insíonn an modh roinnte. Caithfidh díscaoilte dá leithéid a bheith fianaithe ag ball de *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána.

Athrú ar Aonán Dlí

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Cóip de Mheabhrán Comhaontaithe agus de na hAirteagail Chomhlachais.

Uimhir Thréada an Aistreora

Uimhir Thréada an Aistrí

Síniú/Sínithe Aistreoir/Aistreoirí na dteidlíochtaí
Aistrí/Aistrithe na dteidlíochtaí
(i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)
iarratasóra)

Síniú/Sínithe

(i ngnáthscríbhneoireacht an

Ná dearmad leathanach a haon den fhoirm iarratais a chomhlánú!

Athrú ar Shonraí Cláraithe na hUimhreach Tréada

Níor chóir an chuid seo den fhoirm a úsáid ach nuair atá athrú ar shonraí cláraithe na huimhreach tréada ag teastáil. Mar shampla nuair a dhéantar fear céile, bean chéile, mac, iníon nó **duine ar bith eile den teaghlach a chur leis an Uimhir Tréada nó a bhaint di.**

Ba cheart go dtaispeánfaí ainm(neacha) an úinéara/na n-úinéirí c(h)láraithe a bhaineann leis an uimhir tréada i sonraí cláraithe na dteidlíochtaí i gcónaí.

Sampla d'Athruithe ar Shonraí Cláraithe na hUimhreach Tréada/na dTeidlíochtaí

*Cruthaíodh na Teidlíochtaí Aoníocaíochta in ainm 'Sheáin agus Mháire Uí Mhurchú'. Tá Máire Uí Mhurchú bainte den uimhir thréada rud a fhágann gurb é Seán Ó Murchú aonsealbhóir na huimhreach tréada. Ní raibh **aistriú talún ar bith i gceist**. Toisc nach n-aistrítear teidlíochtaí go huathoibríoch leis an uimhir thréada, fanann na Teidlíochtaí i gcuntas Sheáin agus Mháire Uí Mhurchú ach is in ainm Sheáin Uí Mhurchú atá an Uimhir Thréada anois. Is gá iarratas a chur isteach mar sin chun sonraí cláraithe na dteidlíochtaí a athrú go mbeidh siad in ainm Sheáin Uí Mhurchú. Caithfidh Seán Ó Murchú agus Máire Uí Mhurchú an t-iarratas a shíniú mar aistreoir agus caithfidh Seán Ó Murchú an t-iarratas a shíniú mar aistrí.*

*Cruthaíodh na Teidlíochtaí Aoníocaíochta in ainm Sheáin Uí Uaithne. Tá bean chéile Sheáin, Pádraigín, curtha leis an uimhir thréada anois sa chaoi is go bhfuil an uimhir in ainmneacha 'Sheáin agus Phádraigín Uí Uaithne' anois. Ní raibh **aistriú talún ar bith i gceist**. Toisc nach n-aistrítear teidlíochtaí go huathoibríoch leis an uimhir thréada, fanann na Teidlíochtaí in ainm Sheáin Uí Uaithne. Is gá iarratas a chur isteach mar sin chun sonraí cláraithe na dteidlíochtaí a athrú go mbeidh siad in ainmneacha 'Sheáin agus Phádraigín Uí Uaithne'. Caithfidh Seán Ó hUaithne an t-iarratas a shiniú mar aistreoir agus Seán Ó hUaithne agus Pádraigín Uí Uaithne an t-iarratas a shíniú mar aistrithe.*

Líon na dTeidlíochtaí ar athraíodh a sonraí cláraithe	Luach an Aonaid in aghaidh na Teidlíochta (€)	Cén gaol teaghlaigh atá idir na páirtithe atá i gceist? m.sh. fear céile & bean chéile

Uimhir Thréada an Aistreora

Uimhir Thréada an Aistrí

Síniú/Sínithe Aistreoir/Aistreoirí na dteidlíochtaí Aistrí/Aistrithe na dteidlíochtaí (Síniú an duine/na ndaoine a raibh teidlíochtaí/uimhir thréada ina bhfuil/a mbeidh teidlíochtaí/uimhir thréada s(h)eilbh/seilbh roimh an athrú ar shonraí cláraithe) ina s(h)eilbh/seilbh) (i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)	**Síniú/Sínithe** (Síniú an duine/na ndaoine a (i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)

<u>Níor chóir an chuid seo den fhoirm a úsáid</u> sa chás go bhfuil an t-aistreoir éagtha.
Caithfear aistrithe den sórt sin a phróiseáil trí oidhreacht – Féach lth 2.

Ná dearmad leathanach a haon den fhoirm iarratais a chomhlánú!

Téarmaí agus Coinníollacha 2009 le haghaidh teidlíochtaí

Aoníocaíochta a Aistriú

1. Ní féidir teidlíochtaí aoníocaíochta a aistriú ach go dtí feirmeoir eile sa Bhallstát céanna.

2. Caithfidh an t-aistreoir agus an t-aistrí iarratas a dhéanamh chun teidlíochtaí a aistriú, tríd an fhoirm iarratais um Aistriú Teidlíochta a chomhlánú.

3. Caithfidh an talamh ar fad a fógraíodh, lena n-áirítear talamh ar léas, a bheith ar fáil don iarratasóir ar an 31ú Bealtaine i ngach bliain den scéim agus caithfidh an talamh fanacht mar thalamh incháilithe do bhliain iomlán féilire.

4. Ní cheadófar teidlíochtaí a ligean ar léas/ar cíos ach amháin sa chás go ndéanfar líon céanna na heicteár glan, nó níos mó, de thalamh incháilithe a ligean ar léas/ar cíos in éineacht. Nuair a théann an comhaontú léasa/cíosa in éag, rachaidh teidlíochtaí ar léas i bhfrithdhílse chuig an aistreoir.

5. **Is é an dáta a mbeidh éifeacht le haistriú na dteidlíochtaí i ngach cás ná an 15ú Bealtaine 2009**. Má aistrítear an gabháltas uile/úinéireacht uimhreach tréada idir dáta an iarratais ar an Scéim Aoníocaíochta agus an 31ú Bealtaine 2009, caithfidh an t-aistrí a bheith toilteanach glacadh le freagrachtaí an aistreora, maidir le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime Aoníocaíochta 2009 a chomhlíonadh, trí Fhoirm um Dhearbhú Gealltanais (SPS/UND/2009), atá ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie, a chomhlánú.

6. Forálann rialacháin an AE gur féidir teidlíochtaí íocaíochta ar bith a leithdháiltear ar fheirmeoir go míchuí a aisghabháil agus a leithdháileadh ar an gCúltaisce Náisiúnta. Má aistríodh teidlíochtaí íocaíochta dá leithéid d'fheirmeoir eile, caithfidh an t-aistrí na teidlíochtaí a leithdháileadh go míchuí a ghéilleadh don Chúltaisce Náisiúnta.

Nua le haghaidh 2009

A. Déanfar gach teidlíocht dá n-aistrítear trí Oidhreacht, trí Dhíolachán nó trí Bhronntanas a phróiseáil 'gan talamh', *fiú i gcásanna go bhfuil talamh á aistriú in éineacht le teidlíochtaí ón Aistreoir go dtí an t Aistrí.* Níl aon ghá mar sin le sonraí ar an talamh a chur isteach ar an bhFoirm Iarratais um Aistriú Teidlíochtaí le haghaidh na gcineálacha aistrithe seo.

B. Faoi mar a bhí i mblianta roimhe, caithfidh líon céanna na heicteár glan, nó níos mó, de thalamh a bheith in éineacht le gach teidlíocht dá n-aistrítear trí Léas/Cíos. Caithfear sonraí ar an talamh seo a liostú ar leathanach 2.

C. Tá ainmneacha catagóirí áirithe Teidlíochtaí athraithe agus is de réir a bhformáide nua a bheidh siad ar d'iarratas don Scéim Aoníocaíochta 2009, mar seo a leanas:

Seanainm	Ainm Nua
Teidlíochtaí “Cur i Leataobh”	Teidlíochtaí Caighdeánacha
Cúltaisce Náisiúnta	Caighdeánach (CTN)
Biatas Siúcra an Chúltaisce Náisiúnta	Biatas Siúcra Caighdeánach (CTN)

D. Ó 2009 i leith, níl aon srianta i gceist ó thaobh Teidlíochtaí Caighdeánacha (CTN) nó Teidlíochtaí Caighdeánacha Biatais Siúcra (CTN) a aistriú. Tá an riail úsáide 5 bliana curtha ar neamhní.

E. Ó 2009 i leith, tá an riail, go gcaithfeadh 80% de theidlíochtaí a bheith úsáidte sula bhféadfaí teidlíochtaí a aistriú gan talamh, curtha ar neamhní.

SEICLIOSTA

Beidh moill ar íocaíocht d'Aoníocaíochta mura gcomhlánaíonn tú foirmeacha iarratais go hiomlán agus mura gceanglóidh tú doiciméadú tacaíochta leo (sa chás gur cuí).

OIDHREACHT

(I gcás oidhreachta faoi Uacht, tabhair do d'aire nach bhfuil na teidlíochtaí nasctha leis an talamh agus go ndéanann siad cuid d'iarmhar an eastáit ach amháin sa chás go sonraítear a mhalairt san Uacht).

A. Sa chás go bhfuil Uacht déanta ag an Duine Éagtha

1. An bhfuil leathanaigh 1 agus 2 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí? (Caithfidh Seiceadóir na hUachta NÓ an t-aturnae atá ag riaradh an eastáit an chuid den fhoirm maidir le 'Síniú an Aistreora' a shíniú).

2. An bhfuil cóip den Uacht agus cóip den Deonú Probháide iniata agat?

3. Mura bhfuil Probháide eisithe, an bhfuil Foirm Shlánaíochta um Aistriú Teidlíochtaí, atá fianaithe ag aturnae, iniata agat? (ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie).

4. Sa chás go mbaineann sé le hábhar, an bhfuil *Foirm um Tharscaoileadh* iniata agat agus é sínithe ag an duine/na daoine atá i dteideal dlíthiúil an t-iarmhar/teidlíochtaí a fháil le hoidhreacht, lena chearta/a cearta/a gcearta ar na teidlíochtaí a tharscaoileadh i bhfabhar an aistrí? Caithfidh an fhoirm um tharscaoileadh a bheith fianaithe ag aturnae. (ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie).

B. Sa chás gur cailleadh an tÉagach ina D(h)íthiomnóir (Gan Uacht)

1. An bhfuil leathanaigh 1 agus 2 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí? (Caithfidh an t-aturnae atá ag riaradh an eastáit an chuid den fhoirm maidir le 'Síniú an Aistreora' a shíniú).

2. An bhfuil cóip iniata agat de Litir Riaracháin agus litir ón aturnae atá ag riaradh an eastáit, agus neasghaol eastát an éagaigh sonraithe go soiléir?

NÓ

3. Sa chás nach bhfuil Litreacha Riaracháin eisithe, an bhfuil Foirm Shlánaíochta um Aistriú Teidlíochtaí iniata agat, atá comhlánaithe agus fianaithe ag aturnae in éineacht le litir ón aturnae atá ag riaradh an eastáit agus neasghaol eastát an éagaigh sonraithe go soiléir? (ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie).

4. Sa chás go mbaineann sé le hábhar, an bhfuil *Foirm um Tharscaoileadh* iniata agat agus é sínithe ag an duine/na daoine atá i dteideal dlíthiúil an t-iarmhar/teidlíochtaí a fháil le hoidhreacht, lena chearta/a cearta/a gcearta ar na teidlíochtaí a tharscaoileadh i bhfabhar an aistrí? Caithfidh an fhoirm um tharscaoileadh a bheith fianaithe ag aturnae. (ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie).

BRONNTANAS / DÍOLACHÁN

An bhfuil leathanaigh 1 agus 2 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí?

An bhfuil leathanach 2 fianaithe ag Ball de *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána?

TEIDLÍOCHTAÍ AR LÉAS / AR CÍOS LE IN ÉINEACHT LE TALAMH

Caithfidh an talamh ar fad a fógraíodh, lena n-áirítear talamh ar léas, a bheith ar fáil don iarratasóir ar an 31ú Bealtaine i ngach bliain den scéim agus caithfidh an talamh fanacht mar thalamh incháilithe do bhliain iomlán féilire. Ní mór líon céanna na heicteár glan, nó níos mó, de thalamh incháilithe a bheith in éineacht le teidlíochtaí atá á n-aistriú trí léas. Caithfear an talamh seo atá ar léas a fhógairt, mar thalamh atá ar cíos nó ar léas, ar fhoirm iarratais an léasaí don Scéim Aoníocaíochta.

Tabhair do d'aire: NÍ FÉIDIR LEAT teidlíochtaí ó uimhir thréada duine éagtha a ligean ar léas. Caithfidh an tairbhí dlisteanach teidlíochtaí an duine éagtha a fháil le hoidhreacht ar dtús agus féadfaidh sé nó sí iad a ligean ar léas do thríú páirtí ina dhiaidh sin.

Mura bhfuil uimhir thréada ag an tairbhí, féadfaidh sé/sí Uimhir Aistrithe don Chóras Aoníocaíochta a fháil ach dul i

dteagmháil le Rannóg Chomhordaithe an Chórais Aoníocaíochta ar (057) 8674411.
An bhfuil leathanaigh 1 agus 2 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí?
An bhfuil leathanach 2 fianaithe ag Ball de *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána?
An bhfuil líon céanna na heicteár glan, nó níos mó, de thalamh in éineacht le Léas na dteidlíochtaí?
Ar fhógair/An bhfógróidh an léasaí an talamh ar a iarratas ar Scéim Aoníocaíochta 2009 mar thalamh atá ar cíos/ar léas?

SEICLIOSTA AR LEAN.

ROINNT – Teidlíochtaí á Roinnt
An bhfuil leathanaigh 1 agus 3 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí?
An bhfuil Díscaoileadh Compháirtíochta (comhpháirtíocht á roinnt) iniata agat? Caithfidh sé a bheith sínithe ag an dá pháirtí atá i gceist agus fianaithe ag *Teagasc*, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána. (ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie).
CUMASC / COMHPHÁIRTÍOCHT FHEIRME / COMHPHÁIRTÍOCHT BHAINNE
An bhfuil leathanaigh 1 agus 3 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí?
An bhfuil cóip de Chomhaontú Comhpháirtíochta iniata agat? (agus é fianaithe ag Teagasc, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána) (ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie).
Más Comhpháirtíocht Bhainne atá ann, an bhfuil Deimhniú um Chéad Chomhlíonadh, arna eisiúint ag Teagasc, iniata agat?
ATHRÚ AR AONÁN DLÍTHIÚIL *Baineann Athrú ar Aonán Dlíthiúil le feirmeoirí a athraíonn a stádas dlíthiúil ó dhuine nádúrtha go dtí duine dlítheanach (Cuideachta Theoranta) nó vice versa nó sa chás go bhfuil athruithe tarlaithe maidir le stádas dlíthiúil duine dlítheanaigh (Cuideachta Theoranta).*
An bhfuil leathanaigh 1 agus 3 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí? Caithfidh stiúrthóir atá ag síniú thar ceann Cuideachta Teoranta a bheith ainmnithe sa Mheabhrán Comhaontaithe agus sna hAirteagail Chomhlachais.
An bhfuil cóip den Mheabhrán Comhaontaithe/Airteagail Chomhlachais iniata agat? (caithfear a lua iontu seo go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh leis an ngnó feirmeoireachta a sheoladh agus caithfear ainm/ainmneacha an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí / Scairshealbhóirí an Tromlaigh a lua chomh maith)
ATHRÚ AR SHONRAÍ CLÁRAITHE
An bhfuil leathanaigh 1 agus 4 den Fhoirm um Aistriú comhlánaithe agus sínithe go hiomlán ag gach páirtí?
Ar luaigh tú an gaol ar leathanach 4?

Tabhair do d'aire go bhfuil cóipeanna den Fhoirm Shlánaíochta um Aistriú Teidlíochtaí, Tarscaoileadh, Comhaontú Caighdeánach um Dhíscaoileadh Comhpháirtíochta agus Foirm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta ar fáil ar shuíomh idirlín ár Roinne @ www.agriculture.gov.ie

Má dhéantar aistriú teidlíochtaí a fhaomhadh, fógrófar é sin i scríbhinn don aistreoir agus don aistrí araon.

Ní cheadófar aistarraingt iarratas tar éis an t-aistriú a bheith curtha i bfhios do na páirtithe.

TABHAIR DO D'AIRE NACH BHFUIL AN SEICLIOSTA SEO AR FÁIL ACH CHUN CABHRÚ LEAT AGUS NACH nDÉANANN SÉ CUID DE D'IARRATAS AR AISTRIU